C/2025/1729

20.3.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tásc geografach faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/1729)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ NUA

‘Côtes de la Charité’

PGI-FR-A1372-AM03

Dáta an iarratais: 28 Bealtaine 2018

Iarratasóir agus leas dlisteanach

Syndicat des Vins IGP du Val de Loire

—

Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna atá leis

1. **Neart alcóil iomlán de réir toirte**

Cuireadh an mhír seo a leanas le Caibidil I, pointe 7, den tsonraíocht:

‘Tar éis an tsaibhrithe, níor ceadmhach neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta dearga socra ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint “Côtes de la Charité” a bheith níos mó ná 12,5 %.’

Iarrann an grúpa iarrthach go n-ardófaí neart alcóil iomlán de réir toirte fhíonta dearga TGFC ‘Côtes de la Charité’ go 12,5 %, mar a cheadaítear le pointe 7(a) d’Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, ós rud é go mbaineann limistéar geografach táirgthe an TGFC seo le criosanna fíonsaothrúcháin B agus CI. Leis sin, beifear in ann struchtúr na bhfíonta sin a fheabhsú agus cothromaíocht a choinneáil idir na siúcraí, an t-alcól agus na tainniní.

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair dá réir sin.

2. **Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte**

I gCaibidil I, pointe 3.2, den tsonraíocht, athraíodh an neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte ó 8,5 % go 10,5 %. Ceartaítear leis sin earráid chló sa tsonraíocht nuair a aithníodh an táirge mar TGFC.

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair dá réir sin. Tuairisc ar an táirge

3. **An chatagóir táirge ‘vins mousseux de qualité’ (fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán) a bhaint**

Baineadh catagóir na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ó na táirgí fíniúna atá incháilithe do TGFC ‘Côtes de la Charité’.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Scriosadh na forálacha a bhaineann le táirgeadh na catagóire táirgí sin ón tsonraíocht.

Baineann sé sin leis na pointí seo a leanas den doiciméad aonair: catagóir na dtáirgí (Roinn 3), tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta) (Roinn 4), cleachtais fhíoneolaíocha (Roinn 5), tuairisc ar an nasc leis an tionscnamh (Roinn 8) agus coinníollacha fíor-riachtanacha breise, agus baineadh ráiteas ainm an chineáil le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (Roinn 9).

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Côtes de la Charité'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 1. 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas úrfhíon fíonchaor faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Cumhdaítear le TGFC Côtes de la Charité fíonta socra dearga, rosé, gris agus geala. 'Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta dearga socra ar a bhfuil TGFC "Côtes de la Charité" a bheith níos mó ná 12,5 %.' Ní mór saintréithe anailíseacha eile na bhfíonta dearga, rosé, gris agus geala a bheith laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i rialacha an Aontais.

Saintréith de na fíonta is ea na dea-bholaithe torthaíocha a bhíonn orthu go minic, cé go mbíonn a ndéine agus a gcineál éagsúil ag brath ar na cineálacha fíniúna agus ar na teicneolaíochtaí a úsáidtear.

Maidir leis na fíonta geala, táirgeann na modhanna fíonóireachta a úsáidtear le haghaidh an phríomhchineáil, Chardonnay B, agus go háirithe le haghaidh Pinot Gris G, blasanna torthaíocha agus bláthacha, agus an tráth céanna coinnítear galántacht iontach, rud a bhfeabhsaítear le dath soiléir lena ngabhann imireacha órga.

Saintréith de na fíonta rosé nó gris is ea a n-úire. Mar thoradh air sin, tá blas tosaigh suntasach agus iarbhlas fada ar na fíonta sin, a tháirgtear go príomha ó Pinot Noir N, mar aon le dath bándearg séimh éadrom.

Maidir leis na fíonta dearga, caomhnaíonn na modhanna fíonóireachta na dea-bholaithe torthaíocha agus spíosracha araon agus dath an rúibín le himireacha beagán oráiste.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— 2. Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): –

— 3. Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10,5

— 4. Aigéadacht iomlán íosta: –

— 5. Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): –

— 6. Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): –

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

–

5.2. Uastáirgeacht

1. Fíonta rosé, gris agus geala

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Fíonta dearga

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fíonchaora a bhuaint agus na fíonta ag a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de la Charité' a dhéanamh agus a phróiseáil i gcríoch na mbardas seo a leanas de roinn Nièvre (bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2023):

Arbourse, Beaumont-la-Ferrière, La Celle-sur-Nièvre, Champvoux, La Charité-sur-Loire, Chasnay, Châteauneuf-Val-de-Bargis, Chaulgnes, Dompierre-sur-Nièvre, Germigny-sur-Loire, La Marche, Murlin, Nannay, Narcy, Parigny-les-Vaux, Raveau, Saint-Aubin-les-Forges, Tronsanges agus Varennes-lès-Narcy.

7. **Príomhchineál (nó príomhchineálacha) fíonchaor**

Chardonnay B

Gamay N

Pinot Blanc B

Pinot Gris G

Pinot Noir N

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Nasc leis an limistéar geografach*

Tá an nasc idir na fíonta ar a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de la Charité' agus an limistéar geografach bunaithe ar thosca nádúrtha atá le feiceáil i gcáilíocht agus i gcáil na bhfíonta a tháirgtear.

8.2. *Sainmhíniú ar an limistéar geografach*

Cumhdaíonn an limistéar geografach, atá suite i lár na Fraince, dhá chrios ar leith a bhfuil Forêt des Bertranges eatarthu.

San iarthar, tá crios ar bhruach deas Abhainn an Loire ina bhfuil fánaí géara atá bunaithe ar aolchloch chéim Ocsfordach den Iúrasach Uachtarach, ar a bhfuil ithreacha éadomhain cré-aolchloiche le cion an-ard clocha forbartha.

Tá an chuid is mó de na fíonghoirt suite níos faide soir, i gcúlchríoch Côtes de la Charité, atá scartha ón limistéar feadh Abhainn an Loire ag Forêt des Bertranges. Tá an limistéar sin cnocach agus crosáilte ag gleannta tánaisteacha.

Cuirtear na fíniúnacha ar leicne cnoic géara dea-nochta ina bhfuil ithreacha cré-aolchloiche a bhfuil neart púróg iontu a théann suas go han-tapa agus atá breá oiriúnach do chineálacha fíonchaor dearga agus geala 'Côtes de la Charité'. Tá na dálaí an-oiriúnach do na fíniúnacha chun a n-acmhainneacht iomlán a chur in iúl.

Is éard atá i bhfoshraith na leiceann cnoic sin aolchloch ón gcéim Bhaitónach den Mheán-Iúrasach ónar fhorbair ithreacha cré-aolchloiche ar minic iad a bheith níos doimhne agus gan bheith chomh clochach céanna leis na cinn sa limistéar feadh Abhainn an Loire.

Go ginearálta, tá an aeráid tipiciúil de chuid lár Abhainn an Loire, rud a chiallaíonn go bhfuil sí fós aigéanach ach go bhfuil gnéithe suntasacha ilchríochacha aici. Tá an bháisteach níos measartha ná ar an taobh istigh de cheantar Nivernais, go háirithe san fhómhar, agus tá íosmhéid íseal go leor ann i mí Mheán Fómhair. Mar gheall ar an leibhéal níos airde gréine a bhíonn ann mar thoradh air sin, is féidir aibíocht mhaith a bhaint amach, agus soláthraíonn oícheanta fionnuara an tsuímh ilchríochaigh leibhéal maith aigéadachta. Cuidíonn na héagsúlachtaí aeráide fíneálta sin le cothromaíocht mhaith a bhaint amach i bhfíonta 'Côtes de la Charité'.

Fágann sé sin go bhfuil topagrafaíocht agus dálaí méisea-aeráide na bhfíonghort an-oiriúnach don fhíonsaothrú.

8.3. *Tuairisc ar an táirge*

Rinneadh táirgí na bhfíonghort sin atá faoi rialú mhainistir Chlúiniach La Charité agus mhainistir Chistéirseach Bourras a thrádáil ó bhí na Meánaoiseanna ann, mar rinne Diúc na Burgúine iad a riar i bPáras agus in Arras.

Laghdaigh an ghéarchéim fiollocsaeire méid na bhfíonghort go mór ach mar thoradh air sin rinneadh an táirgeadh a chomhchruinniú ar an *terroir* is fearr, ar na fánaí leis na treoíochtaí is fearr agus na hithreacha is oiriúnaí.

Táirgtear na fíonta dearga go príomha ó Pinot Noir N, a chlúdaíonn níos mó ná 80 % den achar dromchla le haghaidh fíonta dearga, agus tá an chuid eile curtha le Gamay N. Tá dath dearg an rúibín ar na fíonta dearga sin le himireacha beagán oráiste. Ar an tsrón, bíonn dea-bholaithe torthaí agus spíosraí orthu.

Táirgtear na fíonta geala ó Chardonnay B den chuid is mó, a chlúdaíonn 90 % den achar dromchla le haghaidh fíonta geala, agus ó Pinot Gris G. Léiríonn na fíonta sin galántacht agus saintréithe an-bhláthach na gcineálacha íocónacha fíniúna sin.

Táirgtear na fíonta rosé nó gris go príomha ó Pinot Noir N agus bíonn blas suntasach orthu ag an tús, bíonn siad úr agus bíonn iarbhlas fada orthu.

8.4. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus an táirge*

Tá éirithe le saothróirí fíniúna féiniúlacht agus traidisiún fíonsaothrúcháin an réigiúin bhig sin a chaomhnú. Cé gur ghnách le táirgeoirí fíniúnacha a shaothrú chun cineálacha eile talmhaíochta a fhorlíonadh, sa lá atá inniu ann is gnách leo speisialtóireacht a dhéanamh san fhíonsaothrú agus tá siad ag éirí níos oilte sa réimse sin.

Tá na cineálacha a fhástar sna fíonghoirt an-oiriúnach don ithir, don gheolaíocht agus don aeráid.

Tráth na buainte, is saintréith den aeráid feadh Abhainn an Loire iad laethanta grianmhara agus oícheanta fionnuara – dálaí foirfe chun acmhainneacht na gcineálacha Chardonnay B, Pinot Gris G agus Pinot Noir N a chur in iúl go hiomlán agus chun leibhéal iontach aibíochta a bhaint amach. Tugann sé sin cothromaíocht agus castacht shainiúil d'fhíonta Côtes de la Charité.

Tá tírdhreacha éagsúla idir an crios feadh Abhainn an Loire agus cúlchríoch La Charité ina bhfuil roinnt gleannta. I lár an cheantair tá sráidbhailte beaga ina bhfuil seantithe déanta as cloch, agus páirceanna ina bhfuil barra arbhair timpeall orthu, agus ansin fíonghoirt agus ar deireadh coillearnach.

Is cinnte gur buntáiste é an suíomh eisceachtúil sin chun turasóirí a mhealladh chuig na limistéir iargúlta sin, rud a mhéadaíonn an margadh le haghaidh na bhfíonta agus a chuidíonn le próifíl an táisc gheografaigh faoi chosaint sin a ardú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le déanamh agus próiseáil na bhfíonta ag a bhfuil an tásc geografach faoi chosaint 'Côtes de la Charité', cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas de roinn Nièvre (liosta arna thiomsú ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2023):

Arthel, Arzembouy, Bulcy, Cessy-les-Bois, Champlemy, Champlin, Ciez, Colméry, Couloutre, Donzy, Fourchambault, Garchizy, Garchy, Giry, Lurcy-le-Bourg, Menestreau, Mesves-sur-Loire, Montenoison, Moussy, Oulon, Perroy, Pougues-les-Eaux, Pouilly-sur-Loire, Prémery, Saint-Andelain, Saint-Bonnot, Sainte-Colombe-des-Bois, Saint-Laurent-l'Abbaye, Saint-Malo-en-Donziois, Saint-Martin-sur-Nohain, Saint-Quentin-sur-Nohain, Sichamps, Suilly-la-Tour, Tracy-sur-Loire, Vielmanay.

Rialacha maidir le lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar ainm cineáil fíonchaor amháin nó níos mó a chur le TGFC 'Côtes de la Charité' i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge.

Nuair a chuirtear an téarma traidisiúnta'Vin de Pays' in ionad an téarma 'Indication géographique protégée' [Tásc geografach faoi chosaint], ní mór lógó TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-2ed73636-4ba6-4d74-bb67-44bd764bb5f1